# DUILLEOG



**Nuachtlitir Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair**

Uimh. 20 — Geimhreadh/Earrach 2012

## Malartú Óige Gaoth Dobhair/Glaschú



Ghlac club Ógras/An Crann Óg i nGaoth Dobhair páirt i malartú óige le baill de Ghaelscoil Ghlaschù i mí Meán Fómhair. D'eagraigh Ógras – óg-eagraíocht náisiúnta don óige, an tionscadail seo le maoiniú ó Cholmcille. Bhí an ceol traidisiúnta mar théama ar an tionscadail, a bhí a reáchtáil ag Ríonach Ní Scolaí, Oifigeach Uladh le hÓgras i gcomhair leis An Chrannóg.

Tháinig an grúpa as Glaschú go Tír Chonaill ag tús na míosa áit a raibh deis ag an dá ghrúpa aithne a chur ar chéile agus tús a chur leis an obair. Bhí deireadh seachtaine gnóthach acu ag foghlaim portanna agus amhráin óna chéile agus ag seinm ag seisiún cheoil agus ar an chlár Rónán Beo ar Raidió na Gaeltachta.

Nuair a shroich An Crann Óg Glaschú ní raibh mórán ama acu chun scíth a ligean mar bhí go leor ullmhúchán le déanamh roimh bhuaic-phointe an tionscadail – coirm ceoil mór i nGlaschú. Bhí an lucht féachana lán de mhuintir Thír Chonaill atá ag cur fútha sa chathair agus fuair muintir Ghlaschú blaiseadh de chultúr traidisiúnta an cheantair seo.

Bhain na déagóirí an-sult as an tionscadail agus tá sé i gceist anois acu taisteal go ceantair eile in Albain chun níos mó de cheol agus amhráin na tíre a fhoghlaim agus chun deis a fháil ceolchoirm a reáchtáil in áite-anna éagsúla.








Cuimhneachán

ar

Bhríd Ní Bháicéir

a fuair bás cothrom an ama seo in 2010

Go ndéanaí Dia a mhaith uirthi

## An t-Earrach

Anois teacht am Earraigh,
Beidh an lá ag dul chun síneadh,
Is tar éis na Féile Bríde a ardóidh mé mo sheol,
Ó chuir mé i mo cheann é,
Ní stadfaidh mé choíche go seasfaidh mé thíos i lár chontae Mhaigheo.

Raiftéirí an File

# Seimineár Idir Náisiúnta Óige i nGaoth Dobhair ón 8 - 11 Samhain

Bhí sé ar siúl in Acadamh na hOllsolaíochta Gaeilge.

Bhí daoine ann ó Albain, An Bhreatain Bheag, An Spáin, An Fhrainc, An Ísiltír, An Choirn agus ó Éirinn, thuaidh agus theas. Bhí sé faoi stiúir Chomhairle na hÉireann agus na Breataine.

Bhí siad ag plé cothú mion teangacha i measc an aois óig. Bhí an tAire Donnchadh Mac Fhionnghaile i láthair chomh maith le Aire cultúr na hAlbain Alasdair Allan agus labhair siad les an Chomhdháil.

Thug siad cuairt ar rang ceoil agus taispeántas den Chrann Óg sa Chrannóg. Ar an Aoine 11 Samhain bhí cruinniú ag Comhairle na hÉireann agus na Breataine féin in Ostan na Cúirte.

Ag am lóin sa Chrannóg sheol an tAire stáit Donnchadh Mac Fhionnghaile TD Slí Cholmcille faoi stiúir Maolchalainn Scott ó "Cholmcille" agus Noilín Ní Cholla ó Fhoras na Gaeilge sa Chrannóg.




Éamonn Mac Niallais, Acadamh Ghaoth Dobhair, Alasdair Allan, Aire Cultúr na hAlban, Dónall Ó Braonáin, Príomh Fheidhmeannach an Acadaimh, tAire stáit Donnchadh Mac Fhionnghaile



Na teachtaí ag an Seimineár



## An Cumann 50

Thosaigh an Cumann 50 ag bualadh le chéile ins an Chrannóg i mí Eanáir 2011 agus tá siad ag dul ó neart go neart ó shoin. Sé an aidhm a bhí ag an Chomharchumann le tús a chur leis an Chumann, nó deis a thabhairt do dhaoine mean –aosta, agus daoine a bhí éirithe as a gcuid oibre, bualadh le chéile ar bhunús rialta agus caitheamh aimseartha coitianta á eagrú daofa féin. Anois tá coiste gníomhach da gcuid féin acu agus bíonn idir 30 agus 40 duine i láthair achan seachtain .Go minic , b'fhéidir nach mbeadh ann ach cluiche gearr bingo agus cupa tae agus comhrá, ach bíonn aoi chainteoirí istigh go rialta agus eagraíonn siad cúrsaí agus turais rialta- gó dáta bhí cúpla turas chuig an Amharclann, go Gleann Bheatha, an "Ulster American Folk Park" agus Oileán Duach in Inis Eoghain. Cuireann ball den chumann, Nora Ní Ghreachain, seisiún Ioga ar fáil do chuid eile den ghrúpa a bhfuil suim acu ann. Tá fáilte i gcónaí roimh bhaill úra, achan Déardaoin ón 2.00 - 4.00 sa Chrannóg.

# Slí Cholmcille

Tá Slí Cholmcille ag leanúint beatha Cholmcille - an naomh Éireannach a thug an creideamh Críostaí go dtí iarthar na hAlban agus níos faide ar shiúl.

Tá an chonair ar leith seo do do thabhairt ar aistear fíorshuimiúil trí chuid de na taobhanna tíre is áille in Albain agus in Éirinn.

Tabhair cuairt ar gach ceann de na naoi gceantar, agus faigh amach faoi bheatha agus faoi sheanchas an naoimh mhóir seo. Clúdaíonn sé an ceantar ó Innse Gall in Albain go Gleann Cholm Cille i Tír Chonaill.

Tuilleadh eolais sa Chrannóg ag 074 95 32208.



Gleann Cholm Cille



Oileán Thoraí *Tory Island*



Tulacha Beigile *Tullaghobegley*



Eilean Ì *Iona*



# Lá Teaghlaigh le SANTA SA CHRANNÓG 2011




Tá sé ag teacht





An Crann Óg





Teach s'aige

Is é seo an séú bliain do Santa a bheith sa Chrannóg agus seo an lá is mo a bhí aige go fóill. Bhí 125 teaghlach i láthair idir 2.00 - 5.00. Tógadh €1160 atá ag dul chuig carthanachtaí áitiúla. Tugadh deis do na sean daoine Dé Luain cuairt a thabhairt air agus bhain siad sult mhór as an choisir leis.



An Margadh Bidh

## Seirbhísí Saor-Chomhairle Dlí sa Chrannóg

An bhfuil aon cheist agat faoi chúrsaí dlí? Mar shampla, an féidir leis an bhanc ús mo mhorgáiste ardú? An bhfuil m'fhostóir ábalta scaoileadh liom gan iomarcaíocht íoc liom? Céard iad na cearta atá ag tionónta nó ag tiarna talún? Cén dóigh ar féidir liom mo thiomna a dhéanamh amach?

Beidh an tSeirbhís Saor-Chomhairle Dlí Náisiúnta trí Ghaeilge leis an dlíodóir Eithne Ní Dhochartaigh. Tá an tseirbhís seo ar fail d'achan duine agus beidh sé ar fáil go míosúil ó seo amach.. Arna eagrú ag Conradh na Gaeilge agus ag Craobh na Ceithre Cúirte i gcomhar le Guth na Gaeltachta. Tuilleadh eolais ón Chomharchumann ag (074) 9532208.







## Margadh Bidh



**An Chrannóg**
**Dara Sathairn don Mhí**
**11.00 - 2.00**





Ma tá suim agat spás a ghlacadh, cuir scairt ar 074 9532208.




## Seachtain na Gaeilge Gaoth Dobhair 8ú - 17ú Márta

## Ranganna Ceoil sa Chrannóg

**Dé Luain**

**Giotár, Tosaitheoirí - 6.00-7.00 & 7.00-8.00**

**Dé Máirt**

**Accordion , 6 – 7. Fidil , 7.00 – 8.00**

**Dé Céadaoin**

**Mandolin, 7.00 – 8.00, Concertina 6.00 – 7.00**

**Déardaoin**

**Feadóg, 6.00 – 7.00.**

**Tuilleadh eolais ó 9532208.**

